Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Nollaig 2015
(OR. en)

14945/15

LIMITE

FISC 182
ECOFIN 949

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | A bhfuil i ndán don Chód Iompair (cánachas gnó)<br>- Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle<br>= Glacadh |

1. Tá creat reatha an Chóid Iompair ar fáil in dhá shraith de Chonclúidí ón gComhairle. Glacadh an chéad cheann an 1 Nollaig 1997 (IO C 2, 6.1.1998, lch. 1-6) agus tugtar tuairisc inti ar an "sainordú" atá ag an gCód, i.e. an cuspóir a ghabhann leis, na bearta a mbeidh feidhm aige maidir leo agus na hoibleagáidí atá ar na Ballstáit faoi. An dara sraith de Chonclúidí den 9 Márta 1998 maidir le bunú na Meithle um an gCód Iompair (cánachas gnó) (IO C 99, 1.4.1998, lch. 1-2), baineann sí le feidhmiú na Meithle um an gCód í féin ("rialachas"). Ina dhiaidh sin, d'fhorbair an Grúpa treoir bhreise, go háirithe in 2008 maidir leis an gciall a bhí le "comhaontú ginearálta".

2. Le linn Uachtaránacht na Laitvia, rinneadh plé ar raon feidhme agus ar rialachas na Meithle, ar bhonn tograí éagsúla ó na Ballstáit. Léirigh an Mheitheal Ardleibhéil i mí Meithimh 2015 gur dhíol sásaimh di go leanfadh an Mheitheal um an gCód Iompair den obair ar an tsaincheist sin i mí Iúil 2015, ag díriú ar: a) leas níos fearr a bhaint as sainordú reatha an Chóid; b) féachaint an bhféadfaí tréimhse an tsainordaithe a fhadú agus na critéir a thabhairt cothrom le dáta; agus c) an gá a d'fhéadfadh a bheith ann rialachas an Chóid Iompair a choigeartú dá réir sin. Thacaigh Comhairle ECOFIN leis an gcur chuige seo an 19 Meitheamh 2015. Sa phlean gníomhaíochta a chuir an Coimisiún i láthair an 17 Meitheamh 2015, tacaítear go sonrach freisin le hathchóiriú a dhéanamh ar an gCód Iompair.

3. I dTreochlár an Aontais maidir leis an gcreimeadh boinn agus an aistriú brabúis (CBAB), ar treochlár de chuid Uachtaránacht Lucsamburg é, tugtar faoi deara go ndéanfaidh an Uachtaránacht plé, sa Mheitheal Ardleibhéil, ar a bhfuil i ndán don Chód Iompair, ar bhonn obair na Meithle um an gCód Iompair, agus é mar aidhm go ndéanfar an cinneadh faoin obair a dhéanfar amach anseo faoin gCód a léiriú do Chomhairle ECOFIN faoi dheireadh Uachtaránacht Lucsamburg.

4. Sa chomhthéacs seo, rinne Uachtaránacht Lucsamburg an cheist maidir lena bhfuil i ndán don Chód a chur faoi bhráid na Meithle Ardleibhéil an 2 Meán Fómhair 2015, inar pléadh dhá cheist go háirithe:
– cad iad na saincheisteanna sin ba cheart a phlé faoin gCód Iompair agus
– an gcumhdaítear na saincheisteanna sin faoin sainordú reatha.

5. Ar bhonn an phlé sin, thíolaic an Uachtaránacht dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir lena bhfuil i ndán don Chód, ar pléadh iad ag cruinniú na Meithle Ardleibhéil an 19 Samhain 2015. Le linn an chruinnithe sin, thángthas ar chomhaontú go ndéanfaí roinnt athruithe ar na dréacht-Chonclúidí, cé go raibh forchoimeádais ghrinnscrúdaithe éagsúla ann - maidir le míreanna áirithe (UK agus LT maidir le mír 9) nó maidir leis an téacs iomlán (MT). Chuir PL agus PT forchoimeádas polaitiúil/grinnscrúdaithe isteach a bhaineann leis an athrú rialtais atá ar bun sna tíortha sin faoi láthair. Ó shin i leith, d'aistharraing PL a fhorchoimeádas.

6. Tar éis an chruinnithe sin, cuireadh tús le nós imeachta an tosta. Bhris ceithre Bhallstát (MT, CY, IE agus LT) isteach ar an dtost chun ábhair imní a léiriú maidir le dhá mhír. Maidir le mír 9 (leibhéal éifeachtach cánachais), d'iarr dhá Bhallstát (CY, IE) go scriosfaí í agus bhí forchoimeádas grinnscrúdaithe ag dhá Bhallstát ina leith (MT agus LT). Ó shin i leith, d'aistharraing LT a fhorchoimeádas maidir le mír 9. Maidir le mír 6 (an sainordú a fhadú), d'iarr Ballstát amháin (IE) go scriosfaí na focail "agus na rialacha mionsonraithe". Pléadh na saincheisteanna sin ag an gcruinniú a bhí ag COREPER an 2 Nollaig 2015, inar dhearbhaigh ME, IE, agus CY na hábhair imní a bhí acu. D'athdhearbhaigh na toscaireachtaí eile nár theastaigh uathu go ndéanfaí an teachtaireacht a lagú leis na conclúidí seo ón gComhairle.

7. Sa chomhthéacs sin, iarrann Coiste na mBuanionadaithe ar an gComhairle (ECOFIN) na nithe seo a leanas a dhéanamh:
   - plé a dhéanamh ar na saincheisteanna atá fós gan réiteach i mír 6 agus i mír 9 de na dréacht-Chonclúidí a leagtar amach san Iarscríbhinn
   - plé ginearálta a dhéanamh maidir lena bhfuil i ndán don Chód Iompair
   - na dréacht-Chonclúidí a ghlacadh mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad.

**IARSCRÍBHINN**

**(Dréacht) Conclúidí ón gComhairle maidir lena bhfuil i ndán don Chód Iompair**

"Déanann an Chomhairle an méid seo a leanas:

1. MEABHRAÍONN SÍ go bhfuil rún daingean aici an chalaois chánach a chomhrac, mar aon leis an imghabháil chánach agus an phleanáil ionsaitheach chánach, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda;

2. MEABHRAÍONN SÍ gur ghlac an Chomhairle agus ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, i mí na Nollag 1997, rún maidir le Cód iompair maidir le cánachas gnó (dá ngairfear "an Cód" anseo feasta);

3. MEABHRAÍONN SÍ gur bunaíodh Meitheal um an gCód Iompair (dá ngairfear "an Mheitheal" anseo feasta) ina dhiaidh sin, i mí Márta 1998, chun measúnú a dhéanamh ar na bearta cánach a thagann faoi raon feidhme an Chóid agus chun maoirsiú a dhéanamh ar chur ar fáil faisnéise faoi na bearta sin;

4. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go ndúradh sna Conclúidí ón gComhairle ó mhí na Bealtaine 2013 "*tá sé tábhachtach go leanfar den obair laistigh den Aontas maidir le bearta díobhálacha cánach a dhíothú. Chun na críche sin, ba cheart obair a dhéanamh chun an Cód Iompair maidir le cánachas gnó a neartú ar bhonn an tsainordaithe atá aige cheana*";

5. MEABHRAÍONN SÍ a fhónta agus a éifeachtúla atá an obair atá déanta go dtí seo faoin gCód Iompair chun bearta cánach aonair na mBallstát a mheasúnú;

6. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur cheart díriú, leis an obair a dhéantar ar an gCód Iompair a bheidh ann amach anseo agus le treisiú an Chóid, ar leas níos fearr a bhaint as sainordú reatha an Chóid; ar fhéachaint ar na deiseanna agus ar na rialacha mionsonraithe maidir le tréimhse an tsainordaithe a fhadú agus maidir leis na critéir a thabhairt cothrom le dáta agus ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann rialachas an Chóid a choigeartú dá réir sin;

7. TACAÍONN SÍ le Pacáiste Oibre nua na Meithle, agus GRÍOSAÍONN SÍ an Mheitheal leanúint den obair ar an mbonn sin;

8. DEIMHNÍONN SÍ go n-iarrann sí ar an ngrúpa treoir ghinearálta a fhorbairt chun deireadh a chur le seachaint cánach, le creimeadh an bhoinn agus le haistriú brabúis (CBAB);

9. IARRANN SÍ ar an Meitheal Ardleibhéil maidir le Cánachas (MAL) plé a dhéanamh ar athbhreithniú ar an sainordú agus é mar aidhm go mbeidh na brabúis faoi réir, de réir mar is iomchuí, leibhéal éifeachtach cánach laistigh den Aontas;

10. AONTAÍONN SÍ gur cheart, le nósanna imeachta an rollta siar agus na neamhghníomhaíochta dá bhforáiltear i mír C agus D den Chód, nótaí treoracha arna bhforbairt ag an Meitheal a chumhdach, idir nótaí atá ann anois agus a bheidh ann amach anseo;

11. IARRANN SÍ ar an Meitheal, i ndáil leis sin, a áirithiú tríd an treoir ghinearálta sin go ndéanfar na conclúidí ábhartha ó Thionscadal CBAB de chuid ECFE a chur chun feidhme go héifeachtach ar leibhéal an Aontais i gcás nach gcumhdaítear iad le reachtaíocht an Aontais, agus i gcomhréir le Clár Oibre nua na Meithle;

12. AONTAÍONN SÍ gur cheart do Mheitheal an Chóid an tríú critéar a shoiléiriú trí threoir a fhorbairt ar bhonn chonclúid ECFE maidir le CBAB i ndáil le Gníomhaíocht 5;

13. AONTAÍONN SÍ gur cheart do Mheitheal an Chóid an ceathrú critéar a shoiléiriú trí threoir a fhorbairt i bhfianaise Threoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe, arna leasú le conclúidí ECFE maidir le CBAB i ndáil le Gníomhaíochtaí 8-9-10;

14. IARRANN SÍ ar an Meitheal nótaí treorach a fhorbairt tuilleadh, más iomchuí, maidir le léirmhíniú chritéir an Chóid, lena n-áirítear critéar na tairsí, agus maidir lena gcur i bhfeidhm;

15. DEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé go gcuirfear prionsabail an Chóid Iompair i bhfeidhm ar bhonn geografach a bheidh chomh leathan agus is féidir, gur DÍOL SÁSAIMH DI sa mhéid sin an Ráiteas Comhpháirteach leis an Eilvéis agus an t-idirphlé leanúnach le Lichtinstéin agus IARRANN SÍ ar an Meitheal tús a chur le hidirphlé le tríú tíortha ábhartha, chomh maith le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na gcomhaontuithe a rinneadh san am a chuaigh thart;

16. CUIREANN SÍ IN IÚL gur mian léi feabhas a chur ar infheictheacht na hoibre a dhéanann an Mheitheal um an gCód Iompair agus AONTAÍONN SÍ dá bhrí sin go gcuirfear torthaí na Meithle, go háirithe na tuarascálacha a thíolacfaidh sí gach 6 mhí, ar fáil don phobal ar bhealach córasach;

17. ÉILÍONN SÍ, áfach, go gcoimeádfar plé na Meithle rúnda chun leas an phobail a chosaint maidir le beartas eacnamaíoch na mBallstát, chun éifeachtúlacht phróiseas an mheasúnaithe a chaomhnú agus chun rioscaí gaolmhara a ghabhann le pleanáil ionsaitheach chánach a chomhrac;

18. IARRANN SÍ ar an Meitheal Ardleibhéil maidir le Cánachas (MAL) conclúid a dhéanamh maidir leis an ngá atá le feabhas a chur ar an rialachas foriomlán, ar an trédhearcacht fhoriomlán agus ar mhodhanna oibre foriomlána agus bailchríoch a chur ar athchóiriú na Meithle le linn Uachtaránacht na hÍsiltíre."